

Lucsamburg, 13 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14370/26

AG 164
POLGEN 229
FREMP 322
JAI 1296
DISINFO 80
HYBRID 119
AUDIO 123
EDUC 407

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus athléimneacht na sochaí agus an phobail

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus athléimneacht na sochaí agus an phobail, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 13 Deireadh Fómhair 2026.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT DHAONLATHACH
CHUIMSITHEACH AGUS ATHLÉIMNEACHT NA SOCHAÍ AGUS AN PHOBAIL

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, mar a leagtar síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad; agus gur comhluachanna iad na luachanna sin ag na Ballstáit i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir;

AGUS Í AG FÉACHAINT DO Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagail 1, 10, 11, 12, 20, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 39, 40 agus 44 di.

AGUS É Á CHUR I dTÁBHACHT AICI go gcothaítear sochaithe daonlathacha trí rannpháirtíocht saoránach ghníomhach agus trí rannpháirteachas na saoránach, agus i gcás ina n-urramaítear agus ina gcosnaítear cearta bunúsacha.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil chun go mbeidh an daonlathas faoi bhláth.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR an ról ríthábhachtach atá ag saoirse agus iolrachas na meán maidir le rannchuidiú le daonlathais dhea-fheidhmiúla agus AGUS É Á CHUR I dTÁBHACHT AICI, ós rud é gur luachanna a threisíonn a chéile iad an smacht reachta agus an daonlathas, go bhfuil sé ríthábhachtach go gcloifidh na Ballstáit go docht le caighdeáin láidre maidir leis an smacht reachta.

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025¹ agus an 19 Márta 2026² ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé athléimneacht dhaonlathach na hEorpa a neartú agus ar an ngá atá le rannpháirtíocht na saoránach a dhoimhniú.

¹ EUCO 24/25, an 18 Nollaig 2025, féach mír 29 *An bhréagaisnéis agus an ionramháil agus an cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac.*

² EUCO 1/26, an 19 Márta 2026, féach mír 58 *Athléimneacht dhaonlathach na hEorpa a neartú.*

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI na conclúidí uaithi maidir leis an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le comhluachanna Eorpacha agus leis an tsaoránacht dhaonlathach a neartú³; athléimneacht dhaonlathach: próisis toghcháin a chosaint ar thrasnaíocht eachtrach⁴; ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas⁵; ról straitéiseach an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus na saothar closamhairc i gcaomhnú luachanna na hEorpa agus na hathléimneachta daonlathaí⁶; agus maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint⁷.

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI Moladh (AE) 2023/2836 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir leis an Sciath Eorpach don Daonlathas⁸ agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta⁹.

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI bunú an Lárionaid Eorpaigh um an Athléimneacht Dhaonlathach i mí Feabhra 2026.

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go gcuireann na conclúidí seo leis an obair a rinne Uachtaránacht na Polainne maidir le hathléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú, an obair a rinne Uachtaránacht na Danmhairge maidir le rochtain ar nuacht iontaofa mar chuid den Sciath Eorpach don Daonlathas, agus ar an bplé struchtúrtha a rinneadh mar thoradh ar an Sciath Eorpach don Daonlathas le linn Uachtaránacht na Cipire¹⁰.

AG TABHAIRT DÁ hAIRE freisin an Tuarascáil ar thorthaí agus ar mholtaí an Choiste Speisialta um an Sciath Eorpach don Daonlathas de chuid Pharlaimint na hEorpa P10_TA (2026)0286.

³ 15738/23.

⁴ 10119/24.

⁵ 7388/23.

⁶ 15814/25.

⁷ 10533/24.

⁸ JOIN(2025) 791 final

⁹ COM(2025) 790 final

¹⁰ 9605/26 (Tuarascáil ón Uachtaránacht).

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go bhfuil na conclúidí seo gan dochar don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtreisiónn an daonlathas, an tsaoirse agus an comhionannas, agus an smacht reachta, a chéile agus gur freagracht chomhroinnte de chuid institiúidí an Aontais agus na mBallstát é na luachanna sin a urramú.
2. AITHNÍONN SÍ an méid a chuireann rannpháirtíocht saoránach leathan leis an saol daonlathach agus leis an gcomhtháthú sóisialta; CUIREANN SÍ I bhFIOS go n-éilíonn an daonlathas rannpháirtíocht ghníomhach chuimsitheach na saoránach agus urraim do luachanna coiteanna. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil ról tábhachtach ag ceart éifeachtach chun achainí a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil na saoránach a neartú.
3. AITHNÍONN SÍ go dtreisiónn muinín as institiúidí poiblí, as sláine na bpróiseas daonlathach agus an spáis faisnéise a chéile agus gur bunchlocha iad d'athléimneacht dhaonlathach agus shochaíoch; agus ADMHAÍONN SÍ go gcruthaíonn an comhthéacs geopholaitiúil athraitheach atá ann faoi láthair dúshláin dár ndaonlathais, rud a d'fhéadfadh an radacú a spreagadh agus muinín as institiúidí agus as toghcháin a laghdú.
4. CUIREANN SÍ I bhFIOS, i ndáil leis an méid sin, gur féidir leis an eisiámh digiteach, mar aon leis na dúshláin a bhaineann le fásaigh nuachta, bacadh a chur ar rannpháirtíocht ghníomhach chuimsitheach sa saol daonlathach.
5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféachtar, le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, leis an tsochaí a dheighilt, an mhuinín as institiúidí daonlathacha a lagú, bac a chur ar dhíospóireacht dhaonlathach eolasach agus rannpháirtíocht na saoránach sa saol daonlathach a dhíspreagadh tríd an timpeallacht faisnéise a shaobhadh, trí ábhar a ionramháil, trí aon easaontas atá ann a mhéadú agus tríd an mbonn a bhaint de rochtain agus d'infhionntacht faisnéise iontaofa agus na meán neamhspleách. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart bearta lena dtugtar aghaidh ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a bheith comhréireach, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán agus díospóireacht dhaonlathach á gcosaint ag an am céanna.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil úsáid mhailíseach á baint as an intleacht shaorga, lena n-áirítear an intleacht shaorga ghiniúnach agus domhainbhrionnuithe, chun bréagaisnéis a scaipeadh, chun iarrachtaí a dhéanamh díriú ar dhaoine i gcásanna leochaileacha, agus chun cruthú, spriocdhíriú agus aimplíú ábhair mheabhlaigh a éascú, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh den mhuinín as próisis dhaonlathacha. MEABHRAÍTEAR DI an gá ar leith atá le trédhearcacht agus cuntasacht na n-ardán digiteach a áirithiú, lena n-áirítear ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne (VLOSEnna), trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla agus aghaidh a thabhairt ar ábhar arna ghiniúint nó arna ionramháil ag an intleacht shaorga agus cearta bunúsacha á gcosaint ag an am céanna.
7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá freisin, mar aon le hiarrachtaí níos leithne chun tacú le rannpháirtíocht saoránach, le cur chuige coiscteach chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac trí fheasacht, ullmhacht, luathbhrath, tacaíocht do thaighde neamhspleách agus seiceáil fíricí agus trí mhodheolaíochtaí agus dea-chleachtais choiteanna a chur chun cinn, chun a áirithiú go mbeidh iarrachtaí rannpháirtíochta sin na saoránach níos infheicthe agus níos éifeachtaí.
8. AITHNÍONN SÍ a rithábhachtaí atá sé dár ndaonlathais a áirithiú go gcuirfear an Chairt um Chearta Bunúsacha i bhfeidhm go hiomlán agus go n-urramófar cearta bunúsacha go hiomlán; MEABHRAÍTEAR DI gur réamhriachtanais rithábhachtacha iad an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais le haghaidh rannpháirtíocht na saoránach i bpróisis dhaonlathacha; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an smacht reachta rithábhachtach chun na cearta agus na saoirsí bunúsacha sin a chosaint.
9. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé meáin atá saor, éagsúil agus neamhspleách a bheith ann mar cholúin bhunúsacha den athléimneacht dhaonlathach, lena gcuirtear ar chumas na saoránach rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa, institiúidí a thabhairt chun cuntais agus roghanna eolasacha a dhéanamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS sa chomhthéacs sin a thábhachtaí atá litearthacht sna meáin, litearthacht dhigiteach agus litearthacht faisnéise chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis, teicnící ionramhála a shainaithint agus breithiúnais eolasacha a dhéanamh maidir le hiontaofacht na bhfoinsí.

Dúshlán an díscoir dhaonlathaigh

10. MEABHRAÍTEAR DI gur inniúlacht de chuid na mBallstát é toghcháin agus córais toghcháin a eagrú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir an ráta vótála sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, arb ionann é agus thart ar caoga faoin gcéad, a fheabhsú do gach saoránach.
11. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé vótáil i dtoghcháin agus i reifrinn toisc gur bealach bunúsach é trína bhfeidhmíonn saoránaigh a nguth daonlathach, arna chomhlánú le deiseanna fóinteacha chun páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht dhaonlathach idir toghcháin agus tionchar a imirt uirthi.
12. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil muinín na saoránach as institiúidí poiblí bunriachtanach chun daonlathais athléimneacha a thógáil; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfeabhsaítear an mhuinín sin nuair a ghníomhaíonn na húdaráis go trédhearcach agus go cuntasach agus bunaithe ar fhianaise, agus nuair a thugtar aiseolas soiléir do shaoránaigh maidir leis an gcaoi ar cuireadh a rannpháirtíocht san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta.
13. cuireann sí in iúl GUR CÚIS IMNÍ DI gur féidir le daoine i staideanna leochaileacha agus imeallaithe a bheith thíos le rioscaí díréireacha maidir le díscoir pholaitiúil agus le heaspa muiníne sa chinnteoireacht phoiblí; agus ADMHAÍONN SÍ gur dúshlán leathan sa tsochaí is ea braistint an laghdaithe ar an ionadaíocht pholaitiúil.
14. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil gá le tionscnaimh chun athléimneacht dhaonlathach a neartú agus chun deireadh a chur le bacainní struchtúracha ar rannpháirtíocht dhaonlathach agus ar rannpháirtíocht shibhialta, rud a d'fhéadfadh difear ar leith a dhéanamh do ghrúpaí áirithe. AITHNÍONN SÍ gur féidir le rannpháirtíocht chuimsitheach, éagsúil agus fhóinteach i saol an chultúir agus an phobail cur leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an athléimneacht dhaonlathach.
15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt ar na bacainní sonracha ar rannpháirtíocht shibhialta, ina measc siúd na cinn atá roimh luathfhágáilithe ón oideachas agus ón oiliúint, iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NFOonna); agus daoine faoi mhíchumas; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé cur i gcoinne na mí-úsáide, an chiaptha agus na mbagairtí atá dírithe orthu siúd atá gníomhach sa saol poiblí. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór do na hiarrachtaí sin cearta bunúsacha a urramú go hiomlán agus nár cheart dóibh bac a chur ar cháineadh dlisteanach, ar dhíospóireacht pholaitiúil ná ar mhaoirseacht dhaonlathach. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhógair an Coimisiún Moladh agus Treoir dea-chleachtas chun tacú leis na Ballstáit sábháilteacht iarrthóirí polaitiúla agus ionadaithe tofa a áirithiú ar bhealach níos fearr.

16. AITHNÍONN SÍ go bhfuil rannpháirtíocht na mban agus na bhfear fíor-riachtanach do rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht i bpoist cheannaireachta polaitiúla agus go bhfuil bacainní fós rompu maidir lena rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus éifeachtach sa saol polaitiúil agus poiblí; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach comhionannas inscne a chur chun cinn chun próisis chinnteoireachta chothroma, éifeachtacha agus dhaonlathacha a áirithiú; agus chun athléimneacht na sochaí agus an phobail a neartú.

An ghné Eorpach den rannpháirtíocht chuimsitheach

17. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé d'acmhainn ag na Ballstáit tairbhe a bhaint as gníomhaíocht níos comhordaithe ar leibhéal an Aontais chun ath-rannpháirtíocht pholaitiúil a spreagadh agus inniúlachtaí, freagrachtaí agus sainchumais na mBallstát á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. CUIREANN SÍ IN IÚL gur díol sásaimh di tionscnaimh chomhair, ar nós Fhóram Vín um Chearta Bunúsacha agus um an Daonlathas.
18. Tugann sí dá haire, chomh maith le cinnteoireacht phoiblí a shaibhriú, gur féidir le próisis daonlathais dhioscúrsaigh saoránaigh a dhéanamh rannpháirteach an athuair nuair a bhíonn na próisis sin comhlántach le toghcháin, nuair a dhéantar iad a cheapadh agus a chur chun feidhme i gceart, agus iad bunaithe ar mhodheolaíocht thrédhearcach agus ar shampla fíorionadaíoch saoránach. AITHNÍONN SÍ go dtuairiscíonn rannpháirtithe i dtionóil saoránach, i bpainéil rannpháirtíochta, i mbuiséadú rannpháirtíochta agus in idirphlé cultúrtha agus pobail, go dtuairiscíonn siad go comhsheasmhach eolas polaitiúil méadaithe, cumhachtú feabhsaithe a mheastar a bheith ann, agus claonadh níos mó chun páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha. Tugann sí dá haire agus is léir ón taithí a fuarthas i roinnt Ballstát an luach a bhaineann leis na cleachtaí sin a dhéanamh go rialta agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus an acmhainneacht a bhaineann le seirbhísí ríomhdhaonlathais chun tacú leis na huirlisí sin¹¹. MOLANN SÍ do na Ballstáit tionscnaimh chomhchosúla a mheas.
19. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí chun tacú le rannpháirtíocht na dtíortha is iarrthóirí agus is iarrthóirí ionchasacha i dtionscnaimh Eorpacha lena gcuirtear rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus athléimneacht na sochaí agus an phobail chun cinn, lena n-áirítear comhlachas leis an Lárionad Eorpach um Athléimneacht Dhaonlathach.

¹¹ Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa Dul i gcomhairle le saoránaigh ar son an daonlathais — Eoraip níos athléimní a thógáil 2021/C 91 I/01

Creat le haghaidh rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach

20. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcuireann oideachas don tsaoránacht dhaonlathach le hathléimneacht fhadtéarmach na hEorpa, go háirithe le linn géarchéimeanna; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú go gníomhach, agus luachanna daonlathacha agus cearta an duine a chothú ar gach leibhéal oideachais agus ar gach cineál foghlama. LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá litearthacht íomhánna, litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin agus saoránaigh de gach aois, go háirithe an óige, a chumhachtú chun tuiscint a fháil ar fheidhmiú agus ar thionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear algartaim agus IS.
21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé timpeallacht chumasúcháin don tsochaí sibhialta agus spás sibhialta trédhearcach a chur chun cinn agus idirphlé oscailte, rialta agus trédhearcach a spreagadh le saoránaigh agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta; CUIREANN SÍ I bhFÁTH nach mór do ghníomhaithe na sochaí sibhialta a bheith in ann oibriú gan bhac, go sábháilte agus go neamhspleách, saor ó chur isteach míchuí.
22. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir le comhairliúcháin phoiblí fhóinteacha, chuimsitheacha agus thrédhearcacha agus rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas poiblí an chinnteoireacht a shaibhriú.
23. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige uile-rialtais chun rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach a neartú, ina mbeidh na húdaráis ar gach leibhéal rannpháirteach, chomh maith le rannpháirtíocht chuimsitheach uile-shochaí le geallsealbhóirí ábhartha uile na sochaí sibhialta.
24. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le próisis dhaonlathacha a thabhairt níos gaire do na saoránaigh; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI a bhfuil déanta acu ar an leibhéal institiúideach Eorpach, go háirithe trí Choiste na Réigiún, i gcomhréir leis na Conarthaí agus le prionsabal na coimhdeachta; AITHNÍONN SÍ gur féidir le fás agus rathúnas an Aontais Eorpaigh ina iomláine rannchuidiú le rannpháirtíocht shaoránaigh na hEorpa i bpróisis dhaonlathacha agus, ar an gcaoi sin, le hathléimneacht dhaonlathach. LEAGANN SÍ BÉIM, sa chomhthéacs sin, ar an ról an-tábhachtach atá ag roinnt le comhtháthú agus comhbheartais ar leibhéal an Aontais lena bhféachtar leis an nasc idir pobail agus an tsochaí a neartú.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá rochtain ar na meáin nuachta neamhspleácha agus iolraíocha, lena n-áirítear na meáin réigiúnacha agus áitiúla; MEABHRAÍONN SÍ a luachmhaire atá tacaíocht airgeadais atá trédhearcach agus cuntasach go poiblí ar gach leibhéal chun nuacht a thuairisciú do lucht féachana nach ndéantar freastal ceart orthu agus don tuairisciú leasa phoiblí, lena n-áirítear maidir le saincheistean áitiúla, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas eagarthóireachta; MEABHRAÍONN SÍ gur gá trédhearcacht úinéireacht na meán a áirithiú agus iriseoireacht leasa phoiblí a chosaint i gcomhréir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé rochtain ar fhaisnéis iontaofa a chothú, go háirithe sa timpeallacht dhigiteach, do chách ar fud an Aontais, amhail trí aon athbhreithniú a dhéanfar go luath ar Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (TSMC) agus trí fhoinsí inbhuanaithe maoiniúcháin.
26. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit timpeallacht meán atá saor agus iolraíoch a chothú, agus ar an gcaoi sin rochtain ar fhaisnéis iontaofa agus ar idirphlé daonlathach a choimirciú, agus cistiú ón Aontas a dhaingniú chun tacú le tionscnaimh ábhartha meán, gan dochar don chaibidlíocht leanúnach maidir le CAI.
27. MOLANN SÍ do na Ballstáit iarrachtaí a neartú chun dálaí sábháilte, cuimsitheacha agus cumasúcháin a chothú le haghaidh rannpháirtíocht dhaonlathach do chách, chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus chun comhionannas inscne agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban sa saol polaitiúil agus poiblí a chur chun cinn.
28. MOLANN SÍ malartú faisnéise agus dea-chleachtas i measc na mBallstát trí líonra na n-údarás náisiúnta maidir le rannpháirtíocht na saoránach arna threisiú ag an gCoimisiún in 2026, a d'fhéadfadh cabhrú leis na Ballstáit ar bhonn deonach uirlisí, modheolaíochtaí agus creataí fothaithe acmhainneachta coiteanna a mhalartú agus a fhorbairt chun athléimneacht na sochaí agus an phobail a fheabhsú. MOLANN SÍ do na Ballstáit an tsaoránacht ghníomhach agus an comhtháthú sóisialta a chothú trí thacú le tionscnaimh dheonacha phobail, leis an oideachas sibhialta agus le cláir litearthachta sna meáin, agus tríd an gcomhar le geallsealbhóirí áitiúla ábhartha, le hinstiitúidí oideachais, cultúrtha agus oidhreachta, agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn.

29. Iarrann sí ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit gníomhaíochtaí deonacha breise a dhéanamh chun go mbeidh daoine óga rannpháirteach, go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NFOOnna), agus leas á bhaint as dea-chleachtais sna Ballstáit éagsúla.
30. IARRANN SÍ AR AN gCoimisiún úsáid iomlán ionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana a chur chun cinn chun tacú, lena n-áirítear trí thacaíocht theicniúil, le tionscnaimh don daonlathas rannpháirteach atá ceaptha chun cuimsiú na saoránach uile a éascú, lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil bacainní socheacnamaíocha rompu, i gcomhréir lena rialacha faoi seach agus laistigh de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil.
31. Iarrann sí ar an gCoimisiún, gan dochar don chaibidlíocht leanúnach maidir leis na creataí airgeadais a bheidh ann amach anseo agus an toradh a bheidh orthu, sásraí daonlathais rannpháirtíochta a chomhtháthú le cláir litearthachta digití, meán agus intleachta saorga, ag díriú, i measc nithe eile, ar úsáid agus ar mhí-úsáid na hIntleachta Saorga (IS), agus oideachas don tsaoránacht dhaonlathach a chur chun cinn, agus béim á leagan ar dhea-chleachtais i bhfeachtais feasachta poiblí agus i gcomhpháirtíochtaí trasearnála.

Tacaíocht do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a neartú

32. AITHNÍONN SÍ go gcuireann sochaí shibhialta atá neamhspleách, éagsúil agus athléimneach, in éineacht le tionscnaimh faoi stiúir na saoránach, le srianta agus ceartúcháin dhaonlathacha agus le hathléimneacht dhaonlathach, amhail trí rannchuidiú le hiarrachtaí cuntasachta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tairbhe a bhaineann le fíor-rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gceapadh beartas a neartú.
33. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le cistiú leormhaith agus inbhuanaithe don tsochaí shibhialta; agus TATHANTAÍONN SÍ go leanfaí de na hiarrachtaí nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú agus a shimpliú chun feabhas a chur ar inrochtaineacht shruthanna cistiúcháin ábhartha an Aontais d'eagraíochtaí incháilithe. MEASANN SÍ go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go bhfaigheann eagraíochtaí atá ag feidhmiú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach faisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin agus tionscnaimh chomhairleacha agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta.

34. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, sásraí cistiúcháin a fhorbairt lena gcuirfear rannpháirtíocht agus abhcóideacht leanúnach chun cinn, laistigh de na cláir ábhartha atá ann cheana agus gan teacht roimh an gcaibidlíocht leanúnach maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfaí béim níos mó a chur ar bhearta fothaithe acmhainneachta, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, oiliúint agus tacaíocht chomhairleach, chun cumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta rochtain a fháil ar dheiseanna cistiúcháin agus iad a bhainistiú a neartú.

Obair leantach ar ghlacadh na Scéithe Eorpaí don Daonlathas

35. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fógra ón gCoimisiún sa Teachtaireacht uaidh maidir le Sciath Eorpach don Daonlathas faoi líonra treisithe d'údaráis náisiúnta maidir le rannpháirtíocht na saoránach, Painéal Saoránach Eorpach maidir le hathléimneacht dhaonlathach, Mol Teicneolaíochta Sibhialta agus idirphlé maidir le beartas óige, ar nós Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg.
36. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a chur san áireamh go léirítear na gnéithe a ardaíodh sna conclúidí seo in obair ECDR, lena gcomhlánaítear agus nach ndúbláiltear obair Líonra na n-údarás náisiúnta maidir le rannpháirtíocht na saoránach; I ndáil leis an méid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an luach atá ar dhea-chleachtas agus saineolais a mhalartú go deonach leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, agus inniúlachtaí na mBallstát agus prionsabal na coimhdeachta á n-urramú go hiomlán.
37. MOLANN SÍ do na Ballstáit tograí tionscadail a chur faoi bhráid ECDR maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach agus rannpháirtíocht na saoránach uile, agus leas á bhaint as taithí náisiúnta le próisis rannpháirtíochta struchtúrtha, agus inniúlachtaí náisiúnta agus socruithe institiúideacha á n-urramú go hiomlán.
38. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh an Fóram Aireachta ardleibhéil bliantúil maidir leis an Sciath Eorpach don Daonlathas mar ardán luachmhar chun gníomhaíochtaí ábhartha a mheas agus chun comhroinnt dea-chleachtas a éascú, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht na saoránach.

39. CUIREANN SÍ I bhFÁTH nach n-éireoidh leis an Sciath Eorpach don Daonlathas ach amháin má chosnaíonn sí ár luachanna coiteanna agus má sheasann sí lenár gcearta bunúsacha. CUIREANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an daonlathas a neartú freisin i measc na saoránach sin nach bhfuil rannpháirteach cheana féin; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur rannpháirtithe níos gníomhaí maidir lenár gcomhluachanna a chosaint agus an daonlathas a neartú iad na saoránaigh a fheiceann a nguthanna léirithe sa chinnteoireacht.
40. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na conclúidí sin a chur san áireamh agus an Sciath Eorpach don Daonlathas á cur chun feidhme agus á forbairt a thuilleadh.
41. GEALLANN SÍ go bhfillfidh sí go rialta ar cheist na rannpháirtíochta daonlathaí cuimsithí agus ar athléimneacht na sochaí agus an phobail.
-